**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30**

| STAMPA AN IONAID |
| --- |
| |

**SCRÚDUIMHIR** | |

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR NA CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**



**[Thall**

**1. PICTIÚIR**
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir A, B1, B2 agus C a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*I bpictiúr A taispeántar Brú na Bóinne (Co. na Mí), suíomh adhlactha ón gClochaois.*

(i) Cén cineál uirlisí agus trealaimh a d'úsáid na daoine a thóg agus a mhaisigh é seo?

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………...(3)

(ii) Luaigh píosa **amháin** fianaise ón bpictiúr a léiríonn gur tógálaithe, ceardaithe nó réalteolaithe oilte a bhí sna daoine sin.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………...(4)

(iii) Ainmnigh cineál **amháin** tuama a tógadh le linn na Clochaoise in Éirinn.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………...(4)

*(b)* **NA PICTIÚIR B1 agus B2**

*Sna pictiúir B1 agus B2 taispeántar Cluain Mhic Nóis, suíomh mainistreach ó ré na Luath-Chríostaíocht in Éirinn.*

(i) Sna pictiúir **B1 agus B2** sainaithin na nithe atá marcáilte mar **X** agus mar **Y.**

**X** ………………………………………………………………………………………

**Y** ……………………………………………………………………………………...(2)

(ii) Cén fáth an dóigh leat a bhfuil an oiread sin pictiúr ar an ní in B1?

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………...(4)

(iii) Cén seomra sa mhainistir ina ndearnadh cóipeanna den Bhíobla?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos:

Teach Screaptra ☐ Leabharliosta ☐ Clabhstra ☐ (4)

(c) **PICTIÚR C**

*Taispeánann pictiúr C Taoiseach Gaelach agus a theaghlach ag féasta. Rinneadh an pictiúr do lucht féachana Sasanach thart ar aimsir na bPlandálacha.*

(i) Cad atá á dhéanamh ag an bhfear atá marcáilte mar **Z** sa phictiúr dar leat?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(2)

(ii) Nuair a chonaic Sasanaigh pictiúir mar sin, cheap a lán díobh go raibh na hÉireannaigh fiáin agus barbartha. Luaigh **dhá** chúis a gceapfaidís é sin.

…………………………………………………………………………………………

……….……………………………………………………………………………..(4)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar Phlandáil, ainmnigh **dhá** bhealach a raibh tionchar aici sin ar Éirinn.

…………………………………………………………………………………………

……….……………………………………………………………………………..(4)

(iv) Mínigh cad is ciall le *bolscaireacht*.

…………………………………………………………………………………………

……….……………………………………………………………………………..(4)

**[Thall**

**2. DOICIMÉID**
(35 marc)

Déan staidéar ar an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**

*Sliocht é seo as cuntas a thug Spáinneach a bhuail le hImpire (An tInceach) na nInceach i Meiriceá Theas.*

(i) Cén cineál fir a bhí san Inceach?

.......................................................................................................................

.......................................................................................................................(2)

(ii) Cén cineál bia a d'ith siad?

.......................................................................................................................(2)

(iii) Cén fáth ar theastaigh ó na Captaein Inceacha an Spáinneach a mharú?

.......................................................................................................................(2)

(iv) Cad a dúirt an tInceach leis na Captaein?

.......................................................................................................................

.......................................................................................................................(3)

(v) Luaigh **dhá** chúis a raibh Eorpaigh in ann an bua a fháil ar dhaoine ar tháinig siad i dteagmháil leo le linn Aois na Taiscéalaíochta.

.......................................................................................................................

.......................................................................................................................(4)

(vi) Ainmnigh taiscéalaí Eorpach **amháin** ón tréimhse sin agus fíric **amháin** faoina shaol.

.......................................................................................................................

.......................................................................................................................(4)

*(b)* **Doiciméad 2**

*Sliocht is ea é seo as cuntas ar eachtra a tharla i gContae na Gaillimhe le linn Chogadh Cathartha na hÉireann (1922-23).*

(i) Cén fáth an dóigh leat ar ionsaíodh teach na mbocht?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(ii) Cén fáth an dóigh leat ar thóg na Poblachtaigh na carranna agus na rothair?

..........................................................................................................................(2)

(iii) Cén fáth an dóigh leat ar ghearr siad anuas na crainn ar bhóthar na Gaillimhe?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(iv) Cén fáth a raibh daoine as ceantar bhóthar na Gaillimhe sa bhaile mór?

..........................................................................................................................(2)

(v) Cé chomh fada agus a mhair an ruathar ar an mbaile mór?

..........................................................................................................................(2)

(vi) Luaigh **dhá** chúis dar leat a bhféadfadh na Poblachtaigh tacaíocht a fháil **nó** a chailleadh i ngeall ar an ruathar sin.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(4)

(vii) Ní mór do staraithe a bheith cúramach maidir leis an *laofacht*. Mínigh cad is ciall leis an bhfocal *laofacht*.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(4)

## 3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

(i) Mínigh cad is ciall le foinse phríomha.

…………………………………………………………………………………………………(6)

(ii) Mínigh bealach **amháin** ina gcuireann seandálaithe dáta le hearra a aimsítear i dtochailt.

…………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………….…...(6)

(iii) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo as Éirinn na gCeilteach:

*File; Tuath; Draoi.*

……………………………………………………………………………………………...(6)

(iv) Ainmnigh suíomh mainistreach in Éirinn i ré na Luath-Chríostaíochta agus an naomh a bhfuil baint aige/aici leis.

……………………………………………………………………………………………...(6)

(v) Luaigh **dhá** bhealach ina raibh tionchar ag na Normannaigh ar an saol in Éirinn.

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………...(6)

(vi) Ón staidéar atá déanta agat ar na Meánaoiseanna, mínigh ceann **amháin** de na focail thíos:

*Giústáil; Seirfeach; Cuirfiú.*

……………………………………………………………………………………………...(6)

(vii) Mínigh cad is ciall le *Gild*.

…………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………(6)

(viii) Luaigh cúis **amháin** ar bhain tábhacht le spíosraí sna Meánaoiseanna.

…………………………………………………………………………………………………(6)

(ix) Luaigh cúis **amháin** ar thosaigh an Renaissance san Iodáil.

……………………………………………………………………………………………....(6)

(x) Ainmnigh scríbhneoir **amháin** ón Renaissance agus saothar **amháin** dá c(h)uid.

Scríbhneoir: …………………………………………………………………………………....

Saothar: ……………………………………………………………………………...…...(6)

(xi) Ainmnigh ealaíontóir **amháin** as tuaisceart na hEorpa ón Renaissance agus fíric **amháin** faoina s(h)aol.

Ealaíontóir:………………………………………………………………………………………

Fíric:……………………………………………………………………………………………(6)

(xii) Ainmnigh Plandáil a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus an rialtóir ba chúis léi.

……………………………………………………………………………………………(6)

(xiii) Mínigh cad is ciall leis an téarma *Reifirméisean*.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………(6)

(xiv) Mínigh cad is ciall le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ó Aois na Réabhlóidí:

*Boston Tea Party; Guillotine; Na hÉireannaigh Aontaithe.*

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………(6)

(xv) Luaigh **dhá** bhealach ina raibh tionchar ar Éirinn ag an nGorta Mór sna 1840dí.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………(6)

(xvi) Luaigh cúis **amháin** ar theastaigh ó Aontachtaithe go bhfanfadh Éire mar chuid den Ríocht Aontaithe.

**NÓ**

Luaigh athrú **amháin** ar shaol na mban ó 1945 i leith.

……………………………………………………………………………………………(6)

(xvii) Luaigh bealach **amháin** ina raibh tionchar ag an Dara Cogadh Domhanda ar an saol in Éirinn.

……………………………………………………………………………………………(6)

(xviii) Luaigh ainmneacha **beirt** d'Uachtaráin na hÉireann idir 1938 agus 1985.

……………………………………………………………………………………………

**NÓ**

Luaigh athrú mór **amháin** san fheirmeoireacht in Éirinn ó 1945 i leith.

……………………………………………………………………………………………(6)

(xix) Ón staidéar atá déanta agat ar an g*Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois* luaigh cúis **amháin** a raibh an Faisisteachas **nó** an Naitseachas i réim idir 1922 agus 1939.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………(6)

(xx) Ón staidéar atá déanta agat ar an g*Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois* luaigh imeacht stairiúil **amháin** a d'eascair as an Dara Cogadh Domhanda.

……………………………………………………………………………………………(6)

**[Thall**

FREAGAIR AN CHEIST SEO A LEANAS I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH

## 4. PEARSANA SA STAIR
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine atá ina c(h)ónaí i sibhialtacht ársa taobh amuigh d'Éirinn.**

LEIDEANNA:
* Tithíocht
* Éadaí agus bia
* Ealaíona agus ceirdeanna
* Nósanna adhlactha

(25)

(ii) **Manach i mainistir mheánaoiseach.**

LEIDEANNA:
* Cúiseanna le bheith ina mhanach
* Saol laethúil
* Príomhfhoirgnimh
* Ag freastal ar na daoine áitiúla

(25)

(iii) **Leasaitheoir ainmnithe creidimh le linn an Reifirméisin.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Cúiseanna le bheith ina leasaitheoir
* Príomhchreidimh a reiligiúin
* Torthaí a chuid oibre

(25)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Ceannaire ainmnithe réabhlóide (sa Fhrainc, in Éirinn nó i Meiriceá) le linn Aois na Réabhlóidí, 1770-1815.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Cúiseanna le bheith ar son na réabhlóide
* Príomhimeachtaí le linn na réabhlóide
* Saol níos déanaí agus bás

(25)

(ii) **Oibrí i monarcha nó i mianach i Sasana na Tionsclaíochta thart ar 1850.**

LEIDEANNA:
* Cúinsí oibre
* An saol i gcathair
* Caithimh aimsire agus ábhair spéise
* Athruithe sa stíl bheatha

(25)

(iii) **Duine a raibh baint aige/aici leis an gcoimhlint ar son neamhspleáchas na hÉireann le linn na tréimhse 1916-1922.**

LEIDEANNA:
* Cúiseanna le baint a bheith aige/aici léi
* Ceannairí tábhachtacha
* Oirbheartaíocht agus príomhimeachtaí
* Torthaí na n-imeachtaí sin

**NÓ**

**Seanduine atá ag caint ar athruithe ar chúrsaí siamsaíochta, tithíochta, iompair agus cumarsáide a tharla in Éirinn ó 1950.**

LEIDEANNA:
* Athruithe ar shiamsaíocht
* Athruithe ar thithíocht
* Athruithe ar iompar
* Athruithe ar chumarsáid

(25)